*Suí iomlánach*

**A9-0287/2022**

1.12.2022

# ***I
# TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aisghairtear Treoir 89/629/CEE ón gComhairle
(COM(2022)0465 – C9- 0310/2022 – 2022/0282(COD))

An Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht

Rapóirtéir: Karima Delli

(Nós imeachta simplithe - Riail 52(1) de na Rialacha Nós Imeachta)

## *Eochair do na siombailí a úsáidtear*

| | |
|---|---|
| * | An nós imeachta comhairliúcháin |
| *** | Nós imeachta an toilithe |
| ***I | An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh) |
| ***II | An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh) |
| ***III | An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh) |

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

## *Leasuithe ar dhréachtghníomh*

**Leasuithe ón bParlaimint a leagtar amach in dhá cholún**

Léirítear téacs a scriosadh le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá ann cheana a bhfuil sé mar aidhm leis an dréachtghníomh a leasú, tá an tríú líne i gceannteideal an leasaithe ina sainaithnítear an gníomh atá ann cheana agus an ceathrú líne ina sonraítear an fhoráil sa ghníomh sin is mian leis an bParlaimint a leasú.

**Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite**

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

**CLÁR**

**Leathanach**

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ........................................5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ........................................................................................................6

AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH ....................................................................7

## DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena n-aisghairtear Treoir 89/629/CEE ón gComhairle (COM(2022)0465 – C9-0310/2022 – 2022/0282(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2022)0465),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 91 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0310/2022),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 26 Deireadh Fómhair 2022[1],

– tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht (A9-0287/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar thogra an Choimisiúin;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

## RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Le Treoir 89/629/CEE ón gComhairle, ceadaíodh d'eitleáin challánacha áirithe leanúint dá n-oibríochtaí, in ainneoin gur sháraigh siad na noirm torainn ag an am, ar choinníoll go gcláródh Ballstát iad sular tháinig an Treoir i bhfeidhm. Ag an am céanna, dícheadaíodh leis an Treoir clárúcháin nua don chineál sin aerárthaí.

In 2006, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Treoir 2006/93/CE, lenar tugadh isteach céimniú amach iomlán le haghaidh gach aerárthaigh nach raibh na caighdeáin ábhartha maidir le hastaíochtaí torainn á gcomhlíonadh acu, lena n-áirítear iad siúd a cumhdaíodh roimhe sin le Treoir 89/629/CEE. Tá sé mar aidhm ag an togra reatha Treoir 89/629 ón gComhairle atá imithe i léig a aisghairm.

Chuir an Coimisiún faoi bhráid an Choiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) i bParlaimint na hEorpa é le linn an chruinnithe a bhí aige an 10 Deireadh Fómhair 2022 agus, bunaithe ar an gcur i láthair sin, agus tar éis chinneadh chomhordaitheoirí TRAN an 3 Deireadh Fómhair, mar Chathaoirleach, mhol mé an togra a fhormheas gan aon leasuithe i gcomhréir leis an nós imeachta simplithe (Riail 52).

## AN NÓS IMEACHTA - COISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Teideal** | lena n-aisghairtear Treoir 89/629/CEE ón gComhairle |
| **Tagairtí** | COM(2022)0465 – C9-0310/2022 – 2022/0282(COD) |
| **Dáta tíolactha chun PE** | 16.9.2022 |
| **An Coiste Freagrach**<br>Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach | TRAN<br>3.10.2022 |
| **Rapóirtéirí**<br>Dáta an cheapacháin | Karima Delli<br>10.10.2022 |
| **Nós imeachta simplithe - dáta an chinnidh** | 3.10.2022 |
| **Dáta an ghlactha** | 29.11.2022 |
| **Dáta don chur síos** | 1.12.2022 |